2024/998

27.3.2024

CINNEADH (AE) 2024/998 ÓN gCOMHAIRLE

an 1 Márta 2024

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 13ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí bhíthin Chinneadh 94/800/CE ón gComhairle ([1]) thug an tAontas Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('Comhaontú EDT') i gcrích agus tháinig an cinneadh sin i bhfeidhm an 1 Eanáir 1995.

(2) De bhun Airteagail IV:1 agus IX:1 de Chomhaontú EDT, is de chomhdhearcadh atá Comhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) le cinntí a ghlacadh.

(3) Ag an 13ú Comhdháil Aireachta de chuid EDT (CA13), atá ar siúl ón 26 Feabhra go dtí an 1 Márta 2024, d'fhéadaí cinntí a ghlacadh maidir le ríomhthráchtáil, ionramháil speisialta dhifreálach, agus athaicmiú tíortha ón stádas 'tíortha is lú forbairt'.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in CA13 a bhunú, a mhéid a d'fhéadfadh éifeachtaí dlíthiúla a bheith ag aon chinneadh a ghlacfar.

(5) Forbraíodh an chaibidlíocht i ndáil le forálacha maidir le hionramháil speisialta dhifreálach, lena n-áirítear i gcomhthéacs an phlé ar roinnt tograí ó G90 (Ghrúpa na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin) maidir le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta agus bacainní teicniúla ar an trádáil agus ar thograí ón nGrúpa san Afraic maidir le spás beartais le haghaidh forbairt thionsclaíoch i réimsí éagsúla, amhail fóirdheontais, bearta infheistíochta a bhaineann le trádáil agus aistriú teicneolaíochta laistigh de ghnéithe de chearta maoine intleachtúla a bhaineann le trádáil, go háirithe trí shoiléiriú a dhéanamh ar na forálacha atá ann cheana le haghaidh TLFanna agus tíortha áirithe atá i mbéal forbartha. I bhfianaise a thábhachtaí atá an tsaincheist, ba cheart don Aontas tacú leis na torthaí comhaontaithe.

(6) Tá caibidlíocht fós ar siúl i ndáil le tograí ón nGrúpa TLFanna maidir leis na bearta tacaíochta seo a leanas ar mhaithe le haistriú níos rianúla do Chomhaltaí EDT atá á n-athaicmiú as an gcatagóir TLF: (a) síneadh a chur leis na forálacha maidir le hionramháil speisialta dhifreálach i roinnt comhaontuithe agus cinntí sonraithe de chuid EDT ar feadh tréimhse iomchuí ama; (b) na comhaontuithe agus na cinntí sonraithe sin a dhíolmhú ó ghníomhaíochtaí faoi shásra EDT um réiteach díospóidí ar feadh tréimhse ama iomchuí; agus (c) rochtain leanúnach a áirithiú ar gach cúnamh teicniúil a bhaineann go sonrach le TLFanna agus ar gach clár agus saoráid um fhothú acmhainneachta a chuirtear ar fáil faoi chóras EDT ar feadh tréimhse ama iomchuí. I bhfianaise an togra le haghaidh cinneadh aireachta ar an ábhar, ba cheart don Aontas tacú leis an toradh comhaontaithe.

(7) Forbraíodh an chaibidlíocht ar an gClár Oibre um Ríomhthráchtáil agus ar shíneadh an mhoratóra ar dhleachtanna custaim ar tharchuir leictreonacha, agus d'fhéadfadh sé go gcoinneofaí an cleachtas reatha gan dleachtanna custaim a fhorchur ar tharchuir leictreonacha go dtí an 14ú Comhdháil Aireachta de chuid EDT, nó go dtí an 31 Márta 2026, cibé acu is luaithe. Rachaidh an moratóir agus an Clár Oibre in éag ar an dáta sin. Ba cheart don Aontas tacú leis an toradh a comhaontaíodh,

([1]) Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1994 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, na gcomhaontuithe a baineadh amach i mBabhta Uragua den chaibidlíocht iltaobhach (1986–1994), a mhéid a bhaineann leis na hábhair laistigh dá inniúlacht féin (IO L 336, 23.12.1994, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 13ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) tacú le glacadh cinntí aireachta EDT maidir leis an méid seo a leanas:

— iomramháil speisialta dhifreálach (WT/MIN(24)/W/23);

— athaicmiú na dtíortha ón stádas tíre is lú forbairt (WT/MIN (24)/W/14/Rev1); agus

— Ríomhthráchtáil (WT/MIN(24)/W/26).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil 1 Márta 2024.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
H. LAHBIB